

An Ciseán Ciste

Céard é an Ciseán Ciste?

Is éard atá i gceist le Ciseán Ciste ná ciseán nó bosca a bhfuil taobhanna ísle aige ina bhfuil rudaí nádúrtha agus laethúla ar féidir le naíonáin iniúchadh a dhéanamh orthu as a stuaim féin. Is féidir leo neart spraoi a bheith acu ag breathnú ar na rudaí éagsúla, rud a chabhraíonn leo a chuid smaointeoireachta a fhorbairt. Baineann naíonáin taitneamh as bheith ag súgradh le Ciseán Ciste ón uair is féidir leo suí suas ar aghaidh. Féadtar an Ciseán Ciste a úsáid laistigh nó lasmuigh.

An Ciseán Ciste a Ullmhú



- Roghnaigh ciseán caolaigh seasmhach a bhfuil taobhanna ísle aige (idir 10 agus 13 cm). Cé gur fearr ciseán caolaigh de bharr go bhfeabhsóidh sé an t-eispéireas céadfach, féadfar bosca cairtchláir seasmhach a bhfuil taobhanna ísle aige a úsáid freisin.
- Líon an ciseán go béal le rogha leathan rudaí (féach leathanach 2). Braithfidh líon na rudaí ar mhéid an chiseáin, ach tá gach seans ann go bhféadfar 30-40 rud a chur isteach ann.
- Cinntigh go bhfuil réimse uigeachtaí ann, ach seachain an plaisteach.
- Cinntigh go bhfuil na rudaí ar fad mór a ndóthain le nach mbeidh siad ina nguaiseacha tachta.
- Cinntigh go bhfuil gach rud glan.

- Cuir rudaí nua leis an gciseán go minic — bain as rudaí ar cosúil nach bhfuil suim ag na naíonáin iontu ag an tráth seo agus cuir leis rudaí a shíleann tú a tharraingeoidh a n-aird.

An Ciseán Ciste a Úsáid

- Cuir an ciseán in áit nach bhfuil aon ábhar seachráin eile.
- Suigh i gcóngar na naíonán; coinnigh súil orthu agus lig dóibh a rogha rud a dhéanamh.
- Idirghníomhaigh leo nuair a theastaíonn sin uathu. Lig dóibh a gcinntí féin a dhéanamh faoi na rudaí is mian leo a fhiosrú agus faoin gcaoi leis an bhfiosrú sin a dhéanamh.
- Úsáid an Ciseán Ciste gach lá, nó roinnt uaireanta sa tseachtain ar a laghad, le deiseanna iniúchta na naíonán a fheabhsú.

Is féidir leis na rudaí sa Chiseán Ciste aird naíonán a tharraingt ar feadh tamall fada, suas le huair an chloig. Tá seans ann go dtabharfaidh siad tús áite do rudaí áirithe ar mian leo iniúchadh a dhéanamh orthu thar rudaí eile agus iad ag úsáid an Chiseáin Ciste. Rachaidh tú i dtaithe ar na rudaí is mó a mbíonn suim acu iontu. Tabharfaidh sé seo léargas duit ar na hábhair spéise a bhféadfaidh tú leas a bhaint astu le heispéiris eile a phleanáil dóibh.

Rudaí is féidir a chur sa Chiseán Ciste

Bailigh le chéile réimse rudaí a bhfuil uigeachtaí éagsúla orthu. Cinntigh go bhfuil na rudaí ar fad idir ghlan agus shlán sábháilte le go mbeidh naíonáin in ann iniúchadh a dhéanamh orthu. Seiceáil na rudaí go rialta. Tugtar sa tábla thíos roinnt mhaith smaointe duit ar rudaí a d'fhéadfá a chur le do Chiseán Ciste.

Rudaí nádúrtha	Rudaí déanta as ábhair nádúrtha	Rudaí miotail	Rudaí adhmaid	Páipéar agus cárta	Rudaí feiliúnacha eile
<ul style="list-style-type: none"> • Líomóid • Úll • Clocha móra ó abhacad • Púróga móra nó clocha • Sliogáin • Spúinse sciúrtha • Spúinse • Nádúrtha • Cleití móra • Buaircíní • Cnónna capaill móra • Coirc • Bambú 	<ul style="list-style-type: none"> • Rudaí déanta as ábhair nádúrtha • Rogha scuab, mar shampla, scuab bhearrtha, scuab 	<ul style="list-style-type: none"> • Clúdaigh stáin • Canaí stáin a bhfuil rudaí iontu • Slabhraí de chineálacha éagsúla, mar shampla slabhra fainne eochracha • Fáinní práis cuirtín • Fainne eochracha • Spúnóga éagsúla • Stráinín tae • Seodra bréige 	<ul style="list-style-type: none"> • Súire • Pionnaí éadaigh • Fáinní cuirtín • Fáinní naipcín • Spúnóg adhmaid bheag • Spóil adhmaid • Coirnéil adhmaid ar phíosa téide • Ciúbanna agus bloic • Babhla beag • Spadal beag • Castainéid • Scuab thaosráin • Ubhchupán 	<ul style="list-style-type: none"> • Bosca beag • Rollaí páipéir cistine • Leabhar nótaí beag ceangailte le sreang • Cearnóga de 	<ul style="list-style-type: none"> • Sparán leathair • 'Boilg' cheatha • Miteog scafa • Scuab buidéal • Sorcóirí plaisteacha • Rollóirí Velcro gruaige • Ribíní ar fhaid dhifriúla • Píosaí fabraice • 'Cnámh' rubair do choileáin • Tiachóg bheag leathair le haghaidh gutháin nó spéaclaí • Stopallán buidéal mór cumhráin • Dallán agus slabhra folcadáin • Béirín bréige beag • Mála suí • Malaí luibhe, mar shampla, lus liath, marós

Déan machnamh ar chiseáin a chur i dtoll a chéile a bhfuil téama ar leith ag baint leo, mar shampla, torthaí, fabraic, nó rudaí ón gcistin. Breathnaigh ar láithreáin ghréasáin le teacht ar a thuilleadh smaointe agus moltaí.